CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 125/24**

**Lucsamburg, 12 Lúnasa 2024**

# Tugtar dlínse do Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh chun ceisteanna le haghaidh réamhrialú i 6 ábhar shonracha a éisteacht agus a chinneadh

*Tagann cur chun feidhme aistriú páirteach dhlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta faoin athchóiriú ar chreat breithiúnach an Aontais Eorpaigh agus beidh feidhm aige maidir le ceisteanna le haghaidh réamhrialú a chuirfear faoina bráid ón 1 Deireadh Fómhair 2024 ar aghaidh.*

Foilsíodh leasú tábhachtach ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inniu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [1], a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair. Foráiltear leis an leasú sin, go sonrach, d'aistriú páirteach dhlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta, a bheidh infheidhme ón 1 Deireadh Fómhair 2024 ar aghaidh. Baineann an t-aistriú sin le sé ábhar shonracha: an comhchóras cánach breisluacha, dleachtanna máil, an Cód Custaim, rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair agus an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil. Thairis sin, foráiltear leis an leasú ar an Reacht go leathnófar raon feidhme an tsásra lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh ón 1 Meán Fómhair 2024.

Leis an athchóiriú sin, dírítear ar ualach oibre na Cúirte Breithiúnais sa réimse réamhrialaithe a laghdú agus cuidiú léi leanúint lena misean a chomhlíonadh arb é a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm. In 2001, rinne údair Chonradh Nice foráil dó go bhféadfadh an Chúirt Ghinearálta a bheith rannpháirteach i láimhseáil iarrataí áirithe ar réamhrialú, ach níor leasaíodh an Reacht chuige sin go dtí seo. Le cúig bliana anuas, áfach, tugadh faoi deara go bhfuil méadú struchtúrach agus suntasach ag teacht ar líon na gcásanna [2]. Chomh maith leis sin, tá na cásanna ag éirí níos casta agus níos íogaire, agus baint acu, i measc ábhair eile, le ceisteanna bunreachtúla nó ceisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha. Leis an athchóiriú, cuirfear ar chumas na Cúirte Breithiúnais díriú ar a misean i ndáil le haontacht agus comhsheasmhacht dhlí an Aontais a choimirciú agus a neartú. Óna thaobhsa de, tá an Chúirt Ghinearálta ábalta glacadh leis an ualach oibre breise sin agus láimhseálfaidh sí na ceisteanna réamhrialaithe a chuirfear faoina bráid sa chaoi is go ndéanfar na ráthaíochtaí céanna a sholáthar do na cúirteanna náisiúnta agus do na daoine leasmhara agus a chuireann an Chúirt Bhreithiúnais i bhfeidhm.

Go bunúsach, tá trí chuid san athchóiriú, lena n-áirítear na príomhthéamaí a leagtar amach thíos.

***Aistriú páirteach na dlínse réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta***

Baineann an chéad chuid den athchóiriú **le haistriú dhlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta**, ina bhfuil beirt Bhreithiúna in aghaidh an Bhallstáit. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ní bhaineann an t-aistriú **ach le sé ábhar** atá sainithe go soiléir, atá indeighilte a ndóthain ó na hábhair eile agus as ar eascair corpas substaintiúil cásdlí de chuid na Cúirte Breithiúnais. Dá réir sin, beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun breith a thabhairt ar iarrataí ar réamhrialú a thagann go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na sé ábhar shonracha seo a leanas:

1. an comhchóras cánach breisluacha;

2. dleachtanna máil;

3. an Cód Custaim;

4. rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte;

5. cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair;

6. an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

Sna hábhair sin, is annamh a ardaítear ceisteanna prionsabail a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'aontacht nó comhsheasmhacht dhlí an Aontais. Tá cásdlí flúirseach ag an gCúirt Bhreithiúnais ar na hábhair sin cheana, agus ba cheart go bhféadfadh an Chúirt Ghinearálta leas a bhaint as na breithiúnais a tugadh roimhe seo. Is ionann na hábhair sin agus thart ar 20 % de na tarchuir chun réamhrialú arna gcur faoi bhráid na Cúirte, agus is líon sách mór cásanna é sin chun laghdú suntasach a dhéanamh ar a hualach oibre. Mar sin, beidh an Chúirt in ann díriú tuilleadh ar a cúraimí mar chúirt bhunreachtúil agus cúirt uachtarach an Aontais.

**Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcónaí** chun iarrataí ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh, ar iarrataí iad, cé go bhfuil siad nasctha leis na hábhair shonracha thuasluaite, a bhaineann le hábhair eile freisin. Beidh dlínse i gcónaí aici chun iarrataí ar réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh, ar iarrataí iad, cé go mbaineann siad le ceann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha, lena n-ardaítear ceisteanna neamhspleácha léirithe: 1) maidir leis an léiriú ar an dlí príomhúil, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh 2) an dlí idirnáisiúnta poiblí nó 3) prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta freisin cás a thagann faoina dlínse ach a n-éilítear breith ar phrionsabal leis agus ar dóigh dó difear a dhéanamh d'aontacht nó do chomhsheasmhacht dhlí an Aontais a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil agus luas, **ní mór gach iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid an Cúirte Breithiúnais**, ionas go gcinnfidh sí, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach ina Rialacha Nós Imeachta, an dtagann an iarraidh go heisiach faoi ábhar sainithe sonrach amháin a leagtar síos sa Reacht nó roinnt díobh agus, dá réir sin, an bhfuil an iarraidh sin le tarchur chuig an gCúirt Ghinearálta. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta cúiseanna go hachomair, san iarraidh ar réamhrialú, i dtaobh cén fáth a bhfuil sí inniúil ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a éisteacht agus a chinneadh.

***Forbairtí is infheidhme maidir le gach cás réamhrialaithe***

Baineann an dara cuid den athchóiriú le dhá fhorbairt mhóra dá bhforáiltear sa Rialachán lena leasaítear an Reacht, a mbeidh feidhm acu maidir leis na hiarrataí ar réamhrialú go léir, cibé ábhar lena mbaineann siad agus cibé acu an aistreofar chuig an gCúirt Ghinearálta nó nach n-aistreofar.

Sa chéad áit, mar a dhéantar i gcás na mBallstáit go léir agus an Choimisiúin cheana féin, tabharfar fógra faoi na hiarrataí ar réamhrialú go léir do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhanc Ceannais Eorpach chun go bhféadfaidh siad a chinneadh an bhfuil leas sonrach acu sna ceisteanna a ardaítear agus, más mian leo, dá réir sin, a gceart chun pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh dá réir sin.

Sa dara háit, ar mhaithe le **trédhearcacht agus oscailteacht** na n-imeachtaí réamhrialaithe a neartú, agus tuiscint níos fearr ar na breitheanna arna dtabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta, foráiltear leis, sna himeachtaí réamhrialaithe go léir, go bhfoilseofar na pléadálacha nó na barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh ag duine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht **ar shuíomh gréasáin na Cúirte Breithiúnais** laistigh de threimhse réasúnach **i ndiaidh chlabhsúr an cháis**, mura gcuireann an duine leasmhar sin i gcoinne fhoilsiú a phléadálacha nó a bharúlacha i scríbhinn.

***An sásra lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh***

Leis an tríú cuid den athchóiriú sin, beartaítear éifeachtacht an nós imeachta achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta a áirithiú, i bhfianaise líon ard na n-achomharc arna dtaisceadh leis an gCúirt Bhreithiúnais. Ionas go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais díriú ar na hachomhairc lena n-ardaítear ceisteanna tábhachtacha dlí, leathnaítear **an sásra lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh** [3] **chuig breitheanna eile a thugann an Chúirt Ghinearálta.**

Baineann an sásra maidir le ligean d'achomhairc dul ar aghaidh ag an gCúirt Bhreithiúnais le cásanna a breithníodh cheana féin faoi dhó, ag bord achomharc neamhspléach de chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, agus ag an gCúirt Ghinearálta ina dhiaidh sin. Faoi láthair, baineann an sásra sin le cinntí ó cheithre bhord achomhairc agus a gcuirtear ina gcoinne os comhair na Cúirte Ginearálta agus a luaitear in Airteagal 58a den Reacht (féach míreanna 1 go 4 thíos). Leis an leasú a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair, cuirfear sé bhord achomhairc nua leis na ceithre cinn atá ann faoi láthair, agus deich gcinn a bheidh ann ansin. Is iad sin na Bord Achomhairc seo a leanas:

1. Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (Alicante, an Spáinn);
2. an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) (Angers, an Fhrainc);
3. an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) (Heilsincí, an Fhionlainn);
4. Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) (Köln, an Ghearmáin), agus a gcuirfear na Bord Achomhairc seo a leanas leo anois:
5. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) (Liúibleána, an tSlóivéin);
6. an Bord Réitigh Aonair (BRA) (an Bhruiséil, an Bheilg);
7. an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) (Páras, an Fhrainc);
8. an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) (Páras, an Fhrainc);
9. an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) (Frankfurt am Main, an Ghearmáin);
10. Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) (Valenciennes, an Fhrainc).

Thairis sin, beidh feidhm ag an sásra lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh maidir le hachomhairc arna ndéanamh i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta, a bunaíodh i ndiadh an 1 Bealtaine 2019 laistigh d'aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh, nach mór an t-ábhar a chur faoina bhráid nó faoina bráid sula bhféadfar caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta.

Ar deireadh, leathnaítear an sásra sin chuig cásanna a bhaineann le comhlíonadh conartha ina bhfuil clásal eadrána. Is amhlaidh nach gá don Chúirt Ghinearálta sna cásanna sin ach an dlí náisiúnta dá dtagraítear sa chlásal eadrána a chur i bhfeidhm maidir le substaint an cháis.

Beidh feidhm ag an sásra lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh ón 1 Meán Fómhair 2024.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An tAonad Preasa agus curia.europa.eu

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

[2] Féach Preaseisiúint Uimh. 59/24.

[3] Maidir le bunú an tsásra lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh, féach Preaseisiúint Uimh. 53/19.

Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An tAonad Preasa agus curia.europa.eu